



An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Tuairisc ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta don Choiste Comhairleach um Oideachas Gaeltachta

Dáta: Dé Céadaoin, 7 Márta 2018

1) Seimineáir do Phobal na scoileanna

Reáchtáladh 21 cruinniú go dtí seo - 14 chruinniú roimh an Nollaig agus 7 gcruinniú ó shin (3 cinn ar oileáin). Cuireadh 3 chruinniú eile ar ceal de bharr na drochaimsire. Bhí idir 15 agus 100 duine i láthair ag na cruinnithe.

Breis agus 700 duine an tinreamh iomlán go dtí seo agus is i nGaeltachtaí Chatagóir C is mó an tinreamh - An Charraig i nDún na nGall, agus Ciarraí Theas, mar shampla.

Seirbhís ateangaireachta curtha ar fáil i ngach ionad seachas Gaoth Dobhair, An Cheathrú Rua, Inis Meáin, Inis Oírr. Comh-obair déanta ag gach cruinniú i bpáirt leis an gCoiste Pleanála Teanga áitiúil.

Feabhra go Meitheamh 2018:

Seimineáir le heagrú sna ceantair nach raibh seimineáir acu go fóill agus i gceantair nár léirigh scoil nó scoileanna spéis go foirmiúil fós sa Scéim Aitheantais le Stádas Gaeltachta a bhaint amach:

Liosta de Sheimineáir atá le heagrú:

- Co na Gaillimhe (5): Inis Mór, Leitir Mealláin, Baile Chláir, Eanach Dhúin, Maigh Cuilinn.
- Co Mhaigh Eo (2): Acaill & Béal an Mhuirthead.
- Co Dhún na nGall (6): Árainn Mhór, Tearmann, An Dúnaibh, An Fál Carrach, Toraiigh, An Clochán Liath.

Scoileanna:

Bunscoileanna (106 cláraithe don Scéim):

- Reáchtáladh Seimineáir (7) do na Príomhoidí agus ansin 19 gcinn do na foirne uile idir Deireadh Fómhair 2017 - Nollaig 2017.
- Mí Eanáir 2018 cuireadh comhairle ar fáil do 40-50 scoil trí ríomhphost nó fón nó cruinnithe le linn do na hOifigigh a bheith sna ceantair éagsúla.

Iar-bhunscoileanna (27 + aonad amháin cláraithe):

- Reáchtáladh Seimineáir Náisiúnta (19/10/17)
- Seimineáir réigiúnda x 4 do 2 oide ó gach scoil. (Eanáir 2018)

- Tugadh cuairt ar 7 n-iar-bhunscoil le comhairle a chur faoi phleananna, bualadh le hoide nó le hoidí. Tugadh comhairle trí ríomhphost do 10 scoil eile.

Feabhra go Samhradh 2018

Iar-bhunscoileanna:

- Foirne uile-scoile a chur ar an eolas faoin bPolasaí trí fhreastal ar Chruinnithe Foirne laistigh de na scoileanna (Feabhra /Márta/Aibreán)
- Seimineáir Lae le heagrú do mhúinteoirí (ábhair eile seachas an Ghaeilge) atá ag tabhairt faoi theagasc trí Ghaeilge.

Bunscoileanna:

(a) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i bhfoirm Seimineár Lae a sholáthar faoin tumoideachais do mhúinteoir amháin ó gach scoil (Aibreán / Bealtaine).

(b) Forbairt Ghairmiúil Leanúnach leathlae do mhúinteoirí Tacaíochta Foghlama. (Meitheamh 2018)

Cúrsaí Samhraidh Múinteoirí Bunscoile.

Dátaí:

- Gaillimh: Dé Luain an 2 Iúil 2018 – Dé hAoine 6 Iúil 2018
- Dún na nGall: Dé Luain an 2 Iúil 2018 – Dé hAoine 6 Iúil 2018
- Ciarraí: Dé Luain an 20 Lúnasa 2018 – Dé hAoine an 24 Lúnasa 2018.

2. An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS)

Tá COGG ag obair i bpáirt le NEPS le leagan faoi leith do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge den straitéis *An Cur Chuige Cothromaithe don Litearthacht* a chur i láthair. Tá an cháipéis féin ar fáil agus sraith ceardlanna do scoileanna Gaeltachta beartaithe le linn mí Aibreáin/Bealtaine.

3. Treoirínte

Tá *Dréacht-Treoir do Bhunscoileanna/d'Iar-bhunscoileanna: An Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais* forbartha faoi stiúir COGG agus cuirfear iad seo i láthair ag an gcruinniú den Choiste Comhairleach.

4. Tairseach

Tá an obair ag dul chun cinn ar athfhorbairt an tsuímh www.cogg.ie le bheith mar thairseach tacaíochta don oideachas Gaeltachta.

5. Sparánachtaí

Tá sparánachtaí taighde fógartha ar impleachtaí agus ar thorthaí fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus taighde ar mheasúnú diagnóiseach i nGaeilge do pháistí.